*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) (ionadaithe: A. Ringelhann agus J. Ivanauskas, i gcáil Gníomhairí)

*Páirtí eile os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO:* Esi Srl (Albisola Superiore, an Iodáil)

**Maidir le:**

Trína chaingean faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfar cinneadh ón gCeathrú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 20 Nollaig 2021 (Cás R 813/2021-4) a neamhniú go páirteach agus a athrú go páirteach.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don achomharc as bheith gan bhunús sa dlí go follasach.

2) Ordaítear do Biologische Heilmittel Heel GmbH na costais a íoc.

---

([1]) IO C 171, 25.4.2022.

---

**Caingean arna tabhairt an 13 Meán Fómhair 2022 – QZ v BEI**

**(Cás T-569/22)**

(2022/C 451/18)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* QZ (ionadaithe: L. Levi agus P. Baudoux, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* an Banc Eorpach Infheistíochta

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— cinntí an cosantóra dar dáta an 5 Deireadh Fómhair 2021 agus an 8 Márta 2022, ina n-éilíonn an cosantóir go raibh neamhláithreachtaí gan údar ag an iarratasóir le linn trí thréimhse faoi chonspóid, a chur ar ceal;

— cinneadh an chosantóra an 3 Meitheamh 2022, lena ndiúltaítear d'iarraidh an iarratasóra ar athbhreithniú riaracháin agus lena ndeimhnítear go raibh neamhláithreachtaí gan údar ag an iarratasóir le linn trí thréimhse faoi chonspóid, a chur ar ceal;

— a ordú don chosantóir cúiteamh a íoc as an dochar a ndearnadh don iarratasóir; agus

— a ordú don chosantóir na costais go léir a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí.**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir na saincheisteanna dlí seo a leanas.

1. Maidir leis an gcéad tréimhse faoi chonspóid, ardaíonn an t-iarratasóir trí shaincheist, lena n-éilítear sárú ar phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla agus ar Airteagal 3.6 d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis na Rialacha Foirne, sárú ar an oibleagáid i leith cúiseanna a lua agus ar an gceart chun dea-riaracháin.

2. Maidir leis an dara tréimhse faoi chonspóid, ardaíonn an t-iarratasóir dhá shaincheist, lena n-éilítear sárú ar an dualgas cúraim agus ar Airteagal 2.1, C, d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis na Rialacha Foirne.

3. Maidir leis an tríú tréimhse faoi chonspóid, ardaíonn an t-iarratasóir saincheist amháin, lena n-éilítear nach raibh an cosantóir i dteideal, go dlíthiúil, deimhniú leighis an iarratasóra a cheistiú.

---

## Caingean arna tabhairt an 12 Meán Fómhair 2022 – Herbert Smith Freehills v an Coimisiún

**(Cás T-570/22)**

(2022/C 451/19)

*Teanga an cháis: an Béarla*

### Páirtithe

*Iarratasóir:* Herbert Smith Freehills LLP (an Bhruiséil, an Bheilg) (ionadaí: P. Wytinck, Dlíodóir)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach

### An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Cinneadh ón gCoimisiún Eorpach C(2022) 4816 final an 3 Iúil 2022 a chur ar neamhní ina iomláine, de bhun Airteagal 4 de Rialacha Cur Chun Feidhme maidir le Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001; ([1])

— a ordú don chosantóir costais an iarratasóra sna himeachtaí seo a íoc.

### Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir dhá shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar Airteagail 2(1) agus 2(3) de Rialachán 1049/2001, de réir mar a mhainnigh an Coimisiún rochtain a thabhairt ar fhaisnéis ó na bunachair sonraí ábhartha atá incháilithe mar dhoiciméid a thagann faoi raon feidhme na n-iarratas ón iarratasóir, agus mar a mhainnigh an Coimisiún gach doiciméad a thagann faoi raon feidhme na n-iarratas ón iarratasóir a shainaithint agus rochtain a thabhairt orthu, lena n-áirítear na doiciméid idirmheánacha ina bhfuil faisnéis arna hasbhaint ó na bunachair sonraí ábhartha.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear mainneachtain réasúin a shonrú, de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 296 CFAE.

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún (IO 2001 L 145, lch. 43)

---

## Caingean arna tabhairt an 15 Meán Fómhair 2022 – Sberbank Europe v BRA

**(Cás T-571/22)**

(2022/C 451/20)

*Teanga an cháis: an Béarla*

### Páirtithe

*Iarratasóir:* Sberbank Europe AG (Vín, an Ostair) (ionadaí: O. Behrends, Dlíodóir)

*Cosantóir:* An Bord Réitigh Aonair

### An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— cinneadh BRA an 5 Iúil 2022 (SRB/EES/2022/37) lenar chinn BRA na speansais arna dtabhú i ndáil le réiteach fhochuideachta Cróitise an iarratasóra agus lenar thug sé treoir do Bhanc Náisiúnta na Cróite na speansais sin a asbhaint ón bpraghas ceannaigh is iníoctha leis an iarratasóir a chur ar neamhní;